**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Seachtú Dlísheomra) an 9 Márta 2023 (Iarraidh ar réamhrialú ón Ard-Chúirt (Éire) – Éire) – NJ, OZ v An Bord Pleanála, Éire, an tArd-Aighne**

**(Cás C-9/22,** [1] **An Bord Pleanála agus Páirtithe eile (Suíomh Ghairdíní San Treasa))**

***(Tarchur chun réamhrialú – an Comhshaol – Treoir 2001/42/CE – Measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol – Airteagal 2(a) – Coincheap "pleananna agus clá[i]r" – Airteagal 3(2)(a) – Measúnú comhshaoil – Gníomh neamhreachtúil arna ullmhú ag comhairle bhardasach agus ag forbróir – Treoir 2011/92/AE – Measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol – Airteagal 3(1) – Oibleagáid maidir le haithint, tuairisciú, agus measúnú a dhéanamh ar mhodh cuí faoi threoir gach cáis aonair, éifeachtaí díreacha agus neamhdhíreacha tionscadail – Treoirlínte ceangailteacha ón Aire maidir le hairde foirgneamh)***

(2023/C 164/18)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**An chúirt a rinne an tarchur**

An Ard-Chúirt (Éire)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* NJ, OZ

*Cosantóirí:* An Bord Pleanála, Éire, an tArd-Aighne

*Páirtí leasmhar:* DBTR-SCR1 Fund, a Sub Fund of TWTC Multi-Family ICAV

**An chuid oibríochtúil**

1. Maidir le hAirteagal 2(a) agus Airteagal 3(2) agus (3) de Threoir 2001/42/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú,

   Ní mór léiriú a dhéanamh orthu amhail go dtagann plean faoi raoin feidhme na treorach sin más plean é (i) arna ullmhú ag údarás áitiúil i gcomhar le forbróir an tionscadail lena mbaineann an plean sin, a ghlac an t-údarás sin (ii) arna ghlacadh de bhonn foráil i bplean nó i gclár eil, agus (iii) lena bhforáiltear d'fhorbairtí atá éagsúil leis na forbairtí dá bhforáiltear i bplean nó i gclár eile, ach ar an gcoinníoll go mbeidh sé, ar a laghad, ceangailteach ar na húdaráis is inniúil chun toiliú a thabhairt i leith na forbartha.

2. Maidir le Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal áirithe poiblí agus príobháideach ar an gcomhshaol, arna leasú le Treoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014,

   Ní mór léiriú a dhéanamh uirthi amhail nach gcuirtear cosc léi ar reachtaíocht náisiúnta faoina bhfuil sé de cheangal ar údaráis inniúla de chuid Ballstáit, agus cinneadh á dhéanamh acu an dtabharfar nó nach dtabharfar toiliú forbartha i leith tionscadail, gníomhú de réir treoirlínte faoinar gá airde foirgneamh a ardú más féidir, agus a bhí faoi réir measúnú ar an gcomhshaol faoi Threoir 2001/42.

[1] OJ C 158, 11.4.2022.